

COLÁISTE GHARUMNA, LEITIR MÓIR

Polasaí Teagmhas Criticiúil.

Sainmhíniú

Aithníonn Coláiste Gharumna teagmhas criticiúil mar “eachtra nó sraith imeachtaí a thagann sa mullach ar ghnáth chóipeáil meicníochta na scoile agus a chuireann isteach ar ghnáth imeachtaí scoile”.

Is féidir le scoláirí, foireann an Choláiste, pobal an Choláiste nó pobal an cheantair a bheith bainteach le eachra chriticiúil.

Ceangail le Misiún an Choláiste

Tá ceangal bunúsach ag an bPolasaí Eachtra Chriticiúil le misiún an Choláiste, ina ndéantar “gach dícheall timpeallacht shlán shábháilte a chruthú ina ndéantar oideachas a sholáthar ag díriú ar fhorbairt theang na scoláirí”.

Smaointeoireacht

Tá sé d’aidhm ag Coláiste Gharumna sábháilteacht fisiciúil agus siceolaíochta foireann agus scoláirí an choláiste a chinntiú agus iad i mbun oibre, agus go h-áirithe i rith eachtra chriticiúil.

Samplaí de Teagmhas Criticiúla:

Bás do bhall phobal an Choláiste – bás tobann, timpiste, féin-mharú nó tinneas teirminéil

Droch thimpiste nó tragóid ag baint le pobal an Choláiste

Damáiste tromchúiseach don Choláiste, de bharr tine, tuile, rifineacht, &rl.

Ball do phobal an Choláiste éalaithe ón scoil

Ionsaí fisiciúil ar bhall d’fhoireann nó scoláire an Choláiste

Cur isteach ar an gColáiste

Bás do bhall clainne as pobal an Choláiste

Is féidir cur leis an liosta seo.

Aidhm an Phlean

Tá sé d’aidhm ag an bPlean cuidiú le foireann agus bainistíocht an Choláiste gníomhú go tapaidh agus go h-éifeachtúil le smacht a choinneáil ar an gcás idir lámha agus an Coláiste a choinneáil ag feidhmiú chomh normálta agus is féidir nuair a tharlaíonn eachtra chriticiúil.

Cuideoidh an Plean chomh maith leis an gColáiste filleadh ar ghnáthstaid chomh luath agus is féidir agus laghdú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag an eachtra ar fhoireann agus scoláirí an Choláiste.

Foireann Bainistíochta Teagmhas Criticiúil

Seo a leanas an Fhoireann Bainistíochta:

An Príomhoide
An Príomhoide Cúnta
Riarthóir an Cholaiste
Bainisteoir an Choláiste
Oifigeach Sábháileacht

Is féidir leis an bhFoireann Bainistíochta baill eile d'fhoireann an Choláiste a chomhthogha le cúnaimh a thabhairt de réir mar atá gá leis.

Bainisteoir Fóirne

Gníomhóidh an Príomhoide mar Bhainisteoir Fóirne, nó an Príomhoide Cúnta muna mbíonn sí/sé i láthair.

Beidh ar an mBainisteoir Fóirne

Baill de Bhainistíochta Coláiste Ghaumna a chur ar an eolas faoi thubaist agus cruinniú a thionól Comhordnú foirne agus dualgais a roinnt amach ar na baill

Teagmháil a dhéanamh le Príomhoifigeach an Choláiste Oiliúna. Stiúrthóir agus bord an Choláiste.

Teagmháil a dhéanamh le clann an té atá gortaithe nó básaithe

Ráiteas a réiteach agus plé a dhéanamh leis na meáin, más gá

Laghdú tionchar an eachtra ar oibre an Choláiste, chomh fada agus is féidir

Is féidir leis an mBainisteoir Fóirne na dualgais seo a leanas a roinnt ar bhaill eile na fóirne:

Teagmháil a dhéanamh leis na Seirbhísi Éigeandála

An fhoireann scoile a chur ar an eolas agus iad a chomhairliú, ag tógáil a gcuid inní agus móthúchain san áireamh

Feitheoireacht ar scoláirí an Choláiste a eagrú

Foireann an Choláiste a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí/dul chun cinn

Scoláirí a chur ar an eolas faoi imeachtaí/Aire ar leith a thabhairt do scoláirí/múinteoirí leochaileach

Teagmháil a dhéanamh le eagraíochtaí seachtracha tacaíochta agus coinnithe a eagrú nuair is gá

Cruinnithe le tuismitheoirí aonair nó grúpa tuismitheoirí

Cuairteanna ar an clann an té atá básaithe nó an clann atá bainteach leis an eachtra

“Seomra Eachtra” a réiteach

Taifead

Ní mór do gach ball don Fhoireann Bainistíochta cuntas scríofa a choinneáil ar ghlaochanna teileafóin, litreacha, chruinnithe, idirghabháil, &rl.

Rúndacht

Tuigeann bainistíocht an Choláiste a ndualgas maidir le príobháideacht agus deá-chleachtas agus beidh sé/sí san airdeall ar sin agus ráiteas poiblí á dhéanamh.

Chun meas agus rúndacht a léiriú, tá sé fíor-thábhachtach go dtuigfidh gach ball de phobal an Choláiste (scoláirí, múinteoirí agus baill eile d'fhoireann an Choláiste) nach bhfuil cead acu eolas faoi aon eachtra chriticiúil a thárla a luath ar aon shuíomh sóisialta na sna meáin ar chor ar bith.

Tá an Príomhoide mar bhainisteoir fóirne agus is é/í atá freagrach cumarsáid a dhéanamh le duine/daoine atá ceangailte go díreach nó go hindíreach le heachtra chriticiúil.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí seo gach trí bliana nó níos luaithe más gá.